2026/451

24.2.2026

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/451 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23 Feabhra 2026**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann leis an mBotsuáin ar an liosta de thríú tíortha nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna n-údaraítear coinsíneachtaí d'fheoil úr ó chrúbacha áirithe a theacht isteach san Aontas**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1), pointe (b), de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429, foráiltear maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, nach bhfuil a dteacht isteach san Aontas le ceadú ach amháin má liostaítear an tríú tír nó an chríoch, nó an crios de thríú tír nó de chríoch, nó an deighleog de thríú tír nó de chríoch lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha, nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe dobharshaothraithe.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó críocha, nó de chriosanna de thríú tíortha nó de chríoch óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Go sonrach, le hIarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach an liosta de thríú tíortha nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'fheoil úr ó chrúbacha a theacht isteach san Aontas.

(5) An 28 Eanáir 2026, chuir an Bhotsuáin an Coimisiún ar an eolas faoi ráig amhrasta den ghalar crúb agus béil (GCB) i mbunaíocht bó-ainmhithe amháin i réigiún Cheantar Oirthuaisceart na Botsuáine, ráig a dheimhnigh na húdaráis inniúla an 29 Eanáir 2026. Tá an bhunaíocht sin lonnaithe laistigh de chrios tréidliachta maidir le rialú galar 6b arna ainmniú ag údaráis inniúla na Botsuáine, óna raibh teacht isteach coinsíneachtaí d'fheoil úr ó chrúbacha áirithe san Aontas curtha ar fionraí ón 27 Lúnasa 2022, de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1619 ón gCoimisiún ([4]).

---

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe, de tháirgí geirmeacha áirithe agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus a láimhseáil tar éis a dteacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1619 ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis an iontráil a bhaineann leis an mBotsuáin ar an liosta tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'fheoil úr ó chrúbacha áirithe a theacht isteach san Aontas (IO L 243, 20.9.2022, lch. 141, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1619/oj).

(6) An 13 Feabhra 2026, chuir an Bhotsuáin in iúl don Choimisiún gur braitheadh níos mó ráigeanna GCB i gcúig bhunaíocht bó-ainmhithe atá i réigiún Cheantar Oirthuaisceart na Botsuáine freisin. Tá ceithre cinn de na bunaíochtaí sin lonnaithe laistigh de chrios tréidliachta maidir le rialú galar 3c arna ainmniú ag údaráis inniúla na Botsuáine. Tá siad an-ghar don ráig a deimhníodh an 29 Eanáir 2026 i gcrios tréidliachta maidir le rialú galar 6b.

(7) Maidir leis an liosta de thríú tíortha nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, sonraítear leis go n-údaraítear coinsíneachtaí d'fheoil úr ó chrúbacha áirithe a theacht isteach san Aontas ó chrios BW-1, arb é atá ann criosanna tréidliachta maidir le rialú galar 3c, 4b, 5, 8 agus 9 arna n-ainmniú ag údaráis inniúla na Botsuáine.

(8) Mar gheall ar an riosca atá ann go dtabharfaí GCB isteach san Aontas de dheasca coinsíneachtaí d'fheoil úr ó chrúbacha áirithe a theacht isteach ó chrios tréidliachta maidir le rialú galar 3c sa Bhotsuáin, níor cheart údarú a thabhairt a thuilleadh do na coinsíneachtaí sin a theacht isteach san Aontas.

(9) Dá bhrí sin, maidir leis an iontráil a bhaineann leis an mBotsuáin ar an liosta de thríú tíortha nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, ba cheart í a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair sa tríú tír sin a mhéid a bhaineann le GCB a chur san áireamh.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(11) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair sa Bhotsuáin a mhéid a bhaineann le GCB á cur san áireamh, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar ábhar práinne.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Feabhra 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) i gCuid 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an mBotsuáin:

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**BW** an Bhotsuáin | BW-1 | Bó-ainmhithe | BOV | Aibiú agus díchnámhú Cosc ar scairteach | | 11.5.2011 | 26.6.2012 |
| | | Ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhar | OVI | | | | |
| | | Crúbacha géim saothraithe | RUF | | | | |
| | | Crúbacha géim fhiáin | RUW | | | | |
| | BW-2 | Bó-ainmhithe | BOV | Aibiú agus díchnámhú Cosc ar scairteach | | | 7.3.2002 |
| | | Ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhar | OVI | | | | |
| | | Crúbacha géim saothraithe | RUF | | | | |
| | | Crúbacha géim fhiáin | RUW | | | | |
| | BW-3 | Bó-ainmhithe | BOV | Aibiú agus díchnámhú Cosc ar scairteach | | 20.10.2008 | 20.1.2009 |
| | | Ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhar | OVI | | | | |
| | | Crúbacha géim saothraithe | RUF | | | | |
| | | Crúbacha géim fhiáin | RUW | | | | |
| | BW-4 | Bó-ainmhithe | BOV | Aibiú agus díchnámhú Cosc ar scairteach | | 28.5.2013 | |
| | BW-5 | Bó-ainmhithe | BOV | Aibiú agus díchnámhú Cosc ar scairteach | | 28.5.2013 | 18.8.2016’ |
| | | Ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhar | OVI | | | | |
| | | Crúbacha géim saothraithe | RUF | | | | |
| | | Crúbacha géim fhiáin | RUW | | | | |
| | BW-6 | Bó-ainmhithe | BOV | Aibiú agus díchnámhú Cosc ar scairteach | | 27.8.2022 | |
| | | Ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhar | OVI | | | | |
| | | Crúbacha géim saothraithe | RUF | | | | |
| | | Crúbacha géim fhiáin | RUW | | | | |
| | BW-7 | Bó-ainmhithe | BOV | Aibiú agus díchnámhú Cosc ar scairteach | | 29.1.2026 | |
| | | Ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhar | OVI | | | | |
| | | Crúbacha géim saothraithe | RUF | | | | |
| | | Crúbacha géim fhiáin | RUW | | | | |

(2) i gCuid 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na tuairisce ar na criosanna sa Bhotsuáin:

| | | |
|---|---|---|
| ‘An Bhotsuáin | **BW-1** | Na criosanna tréidliachta maidir le rialú galar 4b, 5, 8, agus 9 |
| | **BW-2** | Na criosanna tréidliachta maidir le rialú galar 10, 11, agus 13 |
| | **BW-3** | An crios tréidliachta maidir le rialú galar 12 |
| | **BW-4** | An crios tréidliachta maidir le rialú galar 4a, seachas an crios dianfhaireachais maolánach 10 km feadh na teorann leis an gcrios vacsaínithe maidir leis an ngalar crúb is béil agus limistéir bainistíochta fiadhúlra |
| | **BW-5** | An crios tréidliachta maidir le rialú galar 6a |
| | **BW-6** | An crios tréidliachta maidir le rialú galar 6b |
| | **BW-7** | An crios tréidliachta maidir le rialú galar 3c’ |